Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2022
(OR. en)

7222/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0330 (NLE)

ACP 31
WTO 41
COAFR 78
RELEX 357
UD 55

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit SADC EPA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit SADC EPA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit SADC EPA, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú') an 10 Meitheamh 2016. Cuirtear i bhfeidhm é go sealadach idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Bhotsuáin, Leosóta, an Namaib, Eswatini agus an Afraic Theas, den pháirt eile, ón 10 Deireadh Fómhair 2016, agus idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Mósaimbíc, den pháirt eile, ón 4 Feabhra 2018.

(2) Bunaíodh an Coiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála le hAirteagal 50(1) den Chomhaontú.

(3) De bhun Airteagal 50(2), pointe (f), den Chomhaontú, déanfaidh an Coiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála a rialacha nós imeachta féin a chinneadh.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ar an Aontas ag an gcinneadh maidir lena rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

(5) Ba cheart seasamh an Aontais sa Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála a mhéid a bhaineann le glacadh a cuid rialacha nós imeachta a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 250, 16.9.2016, lch. 3.

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála, a bunaíodh le hAirteagal 50 den Chomhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit SADC EPA, den pháirt eile, beidh sé bunaithe ar dhréachtchinneadh ón gcoiste sin a mhéid a bhaineann le glacadh a rialacha nós imeachta atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---